# TREORACHA MAIDIR LE PÍOBÁN IMLEACÁIN ROINNTE

**Uimhir an Táirge: TX0208**

Tá na treoracha úsáide (IFU) seo ina gcuid lárnach den táirge agus tugtar tuairisc iontu ar conas an táirge a úsáid go sábháilte mar a beartaíodh. Léigh na treoracha úsáide seo sula n-úsáidfidh tú an táirge seo agus coinnigh na treoracha úsáide in aice leis an táirge ionas go mbeidh fáil orthu i gcónaí.

## ÚSÁID BHEARTAITHE

Tá sé beartaithe le Therm-X AT teiripe fhuar, teiripe theasa, teiripe chodarsnachta agus teiripe chomhbhrúite a thabhairt d'othair a bhfuil na teiripí sin léirithe dóibh.

## TÁSCA ÚSÁIDE

Tá an Píobán Imleacáin Scoilte ina chomhpháirt roghnach den chóras Therm-X . Le Therm-X AT, comhcheanglaítear teiripe fhuar, teiripe theasa, teiripe chodarsnachta agus teiripe chomhbhrúite. Tá sé beartaithe le Therm-X gortuithe iar-obráide agus géarghortuithe a chóireáil chun éidéime, at, agus pian a léirítear teiripe fhuar agus teiripe chomhbhrúite ina leith a laghdú. Tá sé beartaithe leis riochtaí leighis agus/nó máinliachta iarthrámacha agus iar-obráide a chóireáil a bhfuil teirmiteiripe logánta (te nó fuar) léirithe ina leith.

Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh gairmithe cúraim sláinte ceadúnaithe Therm-X AT, nó go n-úsáidfear é ar ordú uathu, i saoráidí athshlánúcháin, i gclinicí othar seachtrach, agus i suíomhanna oiliúna lúthchleasaíochta.

## DAONRA BEARTAITHE

Léirítear Therm-X AT d'othair atá 12 bhliain d'aois agus níos sine.

## ÚSÁIDEOIRÍ BEARTAITHE

Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh gairmithe cúraim sláinte ceadúnaithe Therm-X AT, nó go n-úsáidfear é ar ordú uathu, i saoráidí athshlánúcháin, i gclinicí othar seachtrach, agus i suíomhanna oiliúna lúthchleasaíochta.

## TAIRBHÍ CLINICIÚLA

Laghdaíonn Therm-X AT éidéime, at, agus pian trí theiripe theasa, teiripe fhuar, teiripe chodarsnachta agus/nó teiripe chomhbhrúite a sholáthar d'othair a bhfuil géarghortuithe matánchnámharlaigh, gortuithe iarthrámacha, nó atá ag teacht chucu féin i ndiaidh máinliachta (Iar-Obráid). Nuair is cuí, is féidir an fheiste Therm-X AT a úsáid in ionad oighir, pillíní téimh, stocaí comhbhrúite nó cóireálacha comhchosúla chun rialú teirmeach agus comhbhrúite níos comhsheasmhaí agus níos leanúnaí a sholáthar.

## CUR SÍOS

Is píobán imleacáin é an Píobán Imleacáin Scoilte atá ceaptha chun úsáid chomhuaineach dhá bhall éadaigh theirmeacha Therm-X d'úsáid il-othar leis an bhfeiste Therm-X a éascú.  Ceanglaítear taobh amháin den phíobán le cuid thosaigh an aonaid Therm-X, agus ceanglaítear an taobh eile den phíobán le dhá bhall éadaigh theirmeacha il-othar Therm-X (e.g. glúin, droim, gualainn, murnán, uillinn, nó cromán).

## SIOMBAILÍ AGUS GIORRÚCHÁIN AN TÁIRGE AGUS AN PHACÁISTITHE

| Siombail/Téarma | Tábhacht | Siombail/Téarma | Tábhacht | Siombail/Téarma | Tábhacht |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Lipéad aitheantais | ⚠ | Foláireamh! Féach na Treoracha Úsáide chun eolas tábhachtach rabhaidh a fháil. | EU REP | Ionadaí AE (Ionadaí Údaraithe san Aontas Eorpach) |
| CE | Marc CE - Comhréireacht Eorpach | | Lean na treoracha úsáide | Rx only | Foláireamh: Leis an dlí feidearálach, ní cheadaítear do lia an fheiste seo a dhíol ná ní cheadaítear í a dhíol ar ordú lia |
| REF | Uimhir táirge | | Monaróir | LOT | Uimhir bhaisce |
| UDI | Aitheantóir Uathúil Feiste | | Dáta Monaraithe | MD | Feiste Leighis |
| | Teorainn Teochta | % | Teorainn Bhogthaise | | Teorainn Bhrú |

## TREORACHA OIBRITHE

Féach Treoracha Úsáide an Therm-X AT, le do thoil, chun treoracha sonracha a fháil maidir le conas an Píobán Imleacáin Roinnte Therm-X a nascadh leis an gcóras Therm-X.

## FRITÁSCA

Níor cheart d'othar ar bith a bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas air nó uirthi cheana teiripe chomhbhrúite Therm-X a úsáid:

- Fianaise thoimhdeach ar chliseadh plúchtach croí
- Fadhbanna DVT atá ann cheana
- Géarthrombóis dhomhainfhéitheach (Fleibeathrombóis)
- Próiseas fleibítis athlastaigh
- Babhtaí d'eambólacht scamhóige nó comharthaí eile eambólachta
- Éidéime scamhógach
- Géar-athlasadh na bhféitheach (Trombaifleibíteas)
- Neamhleorgacht croí dhíchúitithe
- Mírialú artaireach
- Ruachtach
- Carcanóma agus meiteastáis charcanóma sa ghéag lena mbaineann
- Hipeartóine dhíchúitithe
- Géarghalair nó ionfhabhtú athlastach craicinn
- Galar oclúideach féitheach nó artaireach
- Ní theastaíonn filleadh féitheach nó limfeach
- Droch-imshruthú forimeallach fola
- Artairiscléaróis throm, nó ionfhabhtú gníomhach
- Hipeartóine dhíchúitithe sa réigiún lena mbaineann
- Lagú soithíoch atá suntasach sa limistéar lena mbaineann
- Dioscráis haemaiteolaíoch a mbíonn tionchar acu ar thrombóis

Níor cheart d'othar ar bith a bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas air nó uirthi cheana teiripe theirmeach Therm-X a úsáid:

- Feiniméan Raynaud nó riochtaí vasaspasmacha eile
- Ailléirge fhuachta
- Neamhoird aglútainine fuachta
- Hipiríogaireacht i leith fuachta nó teasa
- Stair gortaithe fuachta
- Galar cardashoithíoch trom
- Craiceann ainéistéiseach, neamhoird hipearthéachta
- Droch-imshruthú fola
- Baill fhorimeallacha atá íogair i leith péine
- Brú fola an-íseal a fhágann go bhfuil an duine éagumasach
- Íogaireacht craicinn laghdaithe
- Ceangal féitheach nó nódú cnis le déanaí
- Feacrómaicócóitóma

## RABHAIDH/FOLÁIRIMH

- ⚠ Ná húsáid an fheiste gan oideas ó dhochtúir.
- ⚠ Má tá an Píobán Imleacáin Roinnte Therm-X á úsáid agat, cinntigh go bhfuil dhá bhall éadaigh theirmeacha Therm-X ceangailte den phíobán agus den othar.
- ⚠ Lean treoracha ordaithe do ghairmí maidir le réim (réimeanna), réigiún, minicíocht agus fad na cóireála.
- ⚠ Ní mór do chleachtóir cúraim sláinte ceadúnaithe an réim cheart úsáide a roghnú.
- ⚠ Bíonn difríochtaí idir íogaireacht othar i leith fuachta. Seiceáil compord an othair go rialta.
- ⚠ Cuir stop láithreach le teiripe chomhbhrúite má bhíonn aon mhíchompord, mairbhe nó crith i do ghéag.
- ⚠ Bí an-chúramach maidir le leanaí faoi 12 nó othair a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas orthu: neamhoird hipearthéachta, diaibéiteas, néarapaite, riochtaí airtríteacha, galar soithíoch forimeallach diaibéitis, agus íogaireacht laghdaithe craicinn.
- ⚠ Ní mór d'othair a bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas orthu Therm-X a úsáid le haghaidh teiripe theochta faoi mhaoirseacht dochtúra:
    - Baill fhorimeallacha nach bhfuil íogair i leith péine
    - Brú fola an-íseal
    - Galar Raynaud
    - Hipiríogaireacht i leith fuachta
    - Leanaí faoi 12
    - Diaibéitigh
    - Othair éagumasaithe
    - Íogaireacht craicinn laghdaithe
    - Droch-imshruthú fola
    - Ceangal féitheach nó nódú cnis le déanaí
- ⚠ Ná húsáid na baill éadaigh in aice le lasair oscailte.
- ⚠ Ná caith tobac agus baill éadaigh teiripe á n-úsáid.
- ⚠ Cloí leis na lipéid rabhaidh agus foláirimh go léir. Ná bain na lipéid choíche.
- ⚠ Ná lig don bhall éadaigh teiripe nó don phíobán imleacáin teagmháil a dhéanamh le rudaí géara a d'fhéadfadh iad a pholladh.
- ⚠ RABHADH: Úsáid go cúramach. Ná húsáid thar réigiúin de chraiceann mín nó i gcás droch-imshruthlú fola. D'fhéadfadh sé a bheith contúirteach do leanaí nó do dhaoine éagumasaithe Therm-X a úsáid gan aon duine ina bhun.

## ÚSÁID AGUS STÓRÁIL MHOLTA

- Úsáid idir 15.6°C agus 26.7°C agus i mbogthaise faoi bhun 60%.
- Stóráil idir 0.6°C agus 50.0°C agus i mbogthaise faoi bhun 60%.
- Úsáid agus Stóráil i mbrú atmaisféarach idir 700 hPa agus 1,060 hPa (a chomhfhreagraíonn d'airde uasta 3,000 m).

## BARÁNTA

Tá baránta teoranta bliana amháin ag gabháil leis an bPíobán Imleacáin Roinnte seo. Is féidir leat téarmaí, coinníollacha agus teorainneacha Bharánta an bhaill éadaigh seo a fháil i lámhleabhar treoracha an Aonaid Therm-X. **NÍL AON BHARÁNTAÍ EILE, SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, ANN.** Is féidir cóip den Bharánta sin a fháil ar líne freisin ag thermxtherapy.com nó trí ríomhphost a sheoladh chuig customerservice@thermxtherapy.com.

## SEIRBHÍS AGUS TACAÍOCHT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Chun seirbhís a fháil don Phíobán Imleacáin Roinnte seo, déan teagmháil le do dháileoir.

Agus fadhbanna á dtuairisciú agat, tabhair uimhir Aitheantais Uathúil Feiste (e.g. Sraithuimhir) an Phíobáin Imleacáin Roinnte don mhonaróir nó dá ionadaí údaraithe agus do d'Údarás Náisiúnta.

| | | |
|---|---|---|
| CE | **Zenith Technical Innovations, LLC.**<br>1396 St. Paul Ave.<br>Gurnee, IL 60031<br>USA<br><br>customerservice@thermxtherapy.com<br>+1.847.672.7481 | **MedEnvoy Global B.V.**<br>Prinses Margrietplantsoen 33<br>Suite 123<br>2595 AM The Hague<br>The Netherlands<br><br>vigilance@medenvoyglobal.com<br>+31.70.326.21.48 |

EU REP